M73T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

**(Ardleibhéal - 300 marc)**

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH – TRATHNÓNA, 2.00 – 5.00

THALL→

# TREORACHA

1. Freagair Ceist 1, Roinn A agus Roinn B, agus Ceithre cheist eile.

2. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.

3. Ba chóir léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.


4. Cuirtear páipéar cearnógach ar fáil do léaráidí agus do ghraif, de réir mar is gá.

5. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun.

**1.** **(100 marc)**

## ROINN A - 50 marc

Freagair **deich gcinn ar bith** díobh seo a leanas **go hachomair**.




**(a)** Cad iad na réamhchúraim sábháilteachta ba chóir a chleachtadh agus sreabháin ghearrtha á n-úsáid?


**(b)** Déan cur síos ar an modh deighilte snámhachta a thaispeántar ar dheis.

**(c)** Maidir leis na cruthanna ciúbacha criostail a thaispeántar ag (i) agus ag (ii), sainaithin an ceann ar dhóichí a dtarlódh sciorradh ann, agus luaigh cén fáth a bhfuil sé sin amhlaidh.


**(i)**



**(ii)**





**(d)** Sainaithin agus imlínigh an feidhmiúchán atá ag an gclaochadán **nó** ag an gcoigeartóir a thaispeántar sa léaráid chiorcaid.




**(e)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na bundifríochtaí atá idir miotail agus neamh-mhiotail.

**(f)** Sainaithin na príomhphróisis a úsáidtear chun **ceann ar bith** de na táirgí thíos a mhonarú.








**(g)** Mínigh an téarma *cuimhne leaisteach* chomh fada is a bhaineann le teirmeaplaistigh.

**(h)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na siombailí leictreonacha a thaispeántar agus imlínigh go hachomair an fheidhm atá acu.



**(i)** Maidir le miotail, mínigh an téarma *snámhaíocht.*

**(j)** Cad iad na tosca timpeallachta a bhrostaíonn ráta creimthe miotal?

**(k)** Déan cur síos achomair ar **dhá** fhabht choitianta **ar bith** i gcriostail mhiotail.

**(l)** Imlínigh na buntáistí a bhaineann le haer comhbhrúite seachas soláthar cumhachta de chineálacha eile.


**(m)** Cén cúnamh don teicneolaíocht a rinne duine **amháin ar bith** díobh seo a leanas?
(i) Gottlieb Daimler; (ii) Daniel Bernoulli; (iii) Robert Boyle.

THALL→

**ROINN B - 50 marc**

Freagair **gach** ceann díobh seo a leanas.

**(n)** **(i)** Bain úsáid as an sceitse ar dheis chun prionsabal an charbraithe a imlíniú.



**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** phríomhfheidhm atá ag an gcarbradóir.

**(o)** **(i)** Mínigh an difríocht atá idir carbradóirí Seoidire Anuas agus carbradóir Seoidire Sleasa.


**(ii)** Déan cur síos ar chúinse **amháin** sa dearadh a thagann i gceist agus carbradóir Seoidire Anuas a úsáid.

**(p)** Cad is brí leis an téarma neart cumaisc agus cén fáth ar gá roinnt neart éagsúla a chur ar fáil?

**(q)** Déan cur síos ar oibriú agus ar fheidhm an chuasáin snámháin sa léaráid thíos.

**(r)** Maidir le **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas, bain úsáid as an léaráid thíos chun cur síos a dhéanamh ar an bhfeidhm atá leo.


**(i)** Luamhán scóige;
**(ii)** Scóig fhéileacánach;
**(iii)** Luamhán rialaithe tachtaire;
**(iv)** Venturi;
**(v)** Tiúb eiblithe;
**(vi)** Scriú coigeartaithe réchasta.



**2.** **(50 marc)**

**(a)** Taispeántar na graif fórsashínidh i gcás trí mhiotal neamhfheiriúla. Cóipeáil na graif i do fhreagarleabhar agus meaitseáil na miotail atá liostáilte le graf cuí i ngach cás. Imlínigh go hachomair an insínteacht a bhaineann le gach ceann díobh.

**(i)** Copar bog;
**(ii)** Alúmanam;
**(iii)** Prás bog.





**(b)** Freagair **gach** ceann díobh seo a leanas.

**(i)** Sainmhínigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas.
Intuargainteacht; Righneas; Cruas; Modal Laisteachais Young.

**(ii)** Mol teicníc iniúchta oiriúnach chun na lochtanna seo a leanas a bhrath.
Cuasanna inmheánacha i dteilgin alúmanaim; Scoilteacha dromchla i bplátaí iarainn theilgthe; Lochtanna inmheánacha in ailt táthúcháin.

**(c)** Taispeántar tástáil neamhscriosach sa léaráid thíos.

**(i)** Mol ainm don tástáil seo;
**(ii)** Imlínigh na prionsabail oibríochta;
**(iii)** Mol feidhmiúchán oiriúnach dó.




**THALL→**

**3.** **(50 marc)**

**(a)** Cóipeáil an léaráid iarainn is carbóin i do fhreagarleabhar agus cuir lipéid ar na pasanna seo a leanas.


**(i)** Feirít;
**(ii)** Feirít agus Ástainít;
**(iii)** Feirít agus Peirlít;
**(iv)** Ástainít;
**(v)** Ástainít agus Suimintít;
**(vi)** Suimintít agus Peirlít.




**(b)** **(i)** Sainmhínigh **<u>dhá cheann ar bith</u>** de na téarmaí seo a leanas.
Feirít; Peirlít; Suimintít.

**(ii)** Mínigh na hiarmhairtí ar chruach charbóin 0.7% nuair a dhéantar í a fhuarú go tapa ó 900º C **<u>agus</u>** í a fhuarú go mall ó 900º C.

**(c)** Mínigh cén chaoi a n-oibríonn an piriméadar teirmileictreach a thaispeántar thíos.



**4.** **(50 marc)**

**(a)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas agus tabhair sainmhíniú le haghaidh gach téarma roghnaithe.

**(i)** Pointe eoitéicteoideach;

**(ii)** Fás deindríteach;

**(iii)** Folúntas;


**(iv)** Tuaslagán soladach.

**(b)** Cóipeáil an léaráid chothromaíochta Caidmiam-Sinc a thugtar thíos isteach i do fhreagarleabhar, agus sainaithin agus mínigh gach ceann de na téarmaí seo a leanas.

**(i)** Leachtas;

**(ii)** Soladas;

**(iii)** Pointe eoitéicteach.




**(c)** Bain úsáid as an léaráid thuas agus mínigh an próiseas soladaithe ó 400º C i gcás cóimhiotail a bhfuil 30% caidmiam ann.

**THALL→**


**5.** **(50 marc)**

**(a)** Freagair **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas.

**(i)** Cad is brí le haicéitiléin thuaslagtha?

**(ii)** Déan cur síos ar na trí chineál lasrach a thaispeántar ag (A), (B) agus (C).

**(iii)** Imlínigh feidhmiúchán do gach lasair díobh.




**(b)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé riachtanach an áit táthúcháin a chosaint ar éilliúchán atmaisféarach. Imlínigh **trí** phríomhshlí ina gcuirtear an chosaint seo i bhfeidhm.

**(c)** Déan cur síos, le cúnamh sceitse, ar phríomhghnéithe, oibriúchán agus feidhmiúchán **ceann amháin** de na próisis táthúcháin seo.

**(i)** Táthú miotail támhgháis;
**(ii)** Táthú tungstain támhgháis.

**NÓ**

**(c)** Mínigh na téarmaí seo a leanas chomh fada is a bhaineann le rialú róbatach sa táthú.

**(i)** An modh dírithe tríd sa chlárúchán;
**(ii)** Imchlúdach oibre;
**(iii)** Amharc mheaisín.

**6.** **(50 marc)**

**(a)** Mínigh an cineál polaiméirithe a tharlaíonn agus **gach ceann** díobh seo a leanas á tháirgeadh.


**(i)** Bacailít;
**(ii)** Polaivinílclóiríd;
**(iii)** Poileitiléin.

**(b)** Déan cur síos ar na príomhdhifríochtaí atá idir teirmeaphlaistigh agus plaistigh theirmithéachtacha de réir na dtreoirlínte seo a leanas.

**(i)** Nascáil cheimiceach; **(ii)** Airíonna; **(iii)** Struchtúir inmheánacha.

**(c)** Ag baint úsáide as na treoirlínte seo a leanas, déan cur síos ar an bpróiseas easbhrú a thaispeántar thíos.


**(i)** Trealamh a úsáidtear;
**(ii)** Próiseas;
**(iii)** Críochtháirge tipiciúil.



**THALL→**


**7.** **(50 marks)**

**(a)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas.





**(i)** Sainaithin na fórsaí A agus B atá ag oibriú ar an uirlis ghearrtha a thaispeántar.
**(ii)** Déan idirdhealú idir na fórsaí gearrtha ortagánacha agus fórsaí gearrtha fiara.
**(iii)** Déan cur síos ar uirlis chun fórsaí gearrtha a thomhas.
**(iv)** Cén éifeacht a bheadh ag athrú san uillinn sciota ar an uillinn fhiarphlána?


**(b)** Freagair **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas.



**(i)** Déan idirdhealú idir an dá chrágán a thaispeántar agus déan cur síos ar na feidhmiúcháin atá acu.



**(ii)** Ainmnigh an próiseas meilte a thaispeántar agus imlínigh na prionsabail oibríochta a bhaineann leis.



**(iii)** Déan cur síos ar na prionsabail oibríochta atá ag an meicníocht mhearfhillteach a thaispeántar.

**(c)** Maidir leis an tomhaseolaíocht, mínigh **ceithre cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Teilgeoir Optúil;
**(ii)** Sínbharra;
**(iii)** Stialltomhsairí;
**(iv)** Beachtliathróidí;
**(v)** Comparadóir.


**NÓ**


**(c)** Maidir le hobair deile CNC, luaigh an cód a úsáidtear i gcás **ceithre cinn ar bith** de na feidhmeanna seo a leanas.

**(i)** Athrú uirlise;
**(ii)** Toisí dearbhaithe;
**(iii)** Fearsaid tosú/cúlú;
**(iv)** Cód leanúna;
**(v)** Idirpholacht líneach.

**8.** **(50 marc)**


**(a)** Sainaithin **ceann ar bith** de na feistí a thaispeántar thíos, agus mínigh cén chaoi a n-oibríonn sé.

(i) 

(ii) 


**(b)** Freagair **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas.

**(i)** Luaigh na buntáistí a bhaineann le giaranna le fiacla héiliciúla seachas giaranna le fiacla díreacha mar a thaispeántar anseo.




**(ii)** Déan cur síos ar fheidhmiúchán **amháin** ag meicníocht raca agus pinniúin.

**(iii)** Ainmnigh an ghiarshraith a thaispeántar agus déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag an ngiar réchasta. Imlínigh an gaol atá ag an ngiar tiomána leis an ngiar tiomáinte.



**(c)** Sainaithin na páirteanna leictreonacha a bhfuil na lipéid A, B, C, D orthu, agus imlínigh feidhmiúchán don chiorcad.




**NÓ**

**(c)** Déan cur síos ar oibriú cros-sleamhnáin uathoibrithigh **nó** ar oibriú carráiste uathoibrithigh ar dheil láir.